**CINNEADH (AE) 2022/2103 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Deireadh Fómhair 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcatagóir gnáthola olóige íon a bhaint d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ("an Comhaontú") thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ([1]) ón gComhairle an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de.

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích an 17 Bealtaine 2019 le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle ([2]).

(3) De bhun Airteagal 7(1) den Chomhaontú, tá cinntí lena modhnófar an Comhaontú. Le glacadh ag Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ("Comhairle na gComhaltaí").

(4) Le linn an 116ú seisiún a bheidh ar siúl idir an 28 Samhain agus an 2 Nollaig 2022, nó faoi chuimsiú nós imeachta maidir le cinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, tá cinneadh lena ndéanfar an chatagóir "gnáthola olóige íon" a bhaint d'Iarscríbhinn B den Chomhaontú le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí.

(5) Beidh an cinneadh ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 20(1) den Chomhaontú. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh atá le glacadh ar an Aontas.

(6) Ós rud é nach ann do chatagóir "gnáthola olóige íon" i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart tacú leis an gcinneadh ó Chomhairle na gComhaltaí.

(7) Ba cheart an seasamh a leagtar amach sa Chinneadh seo a ghlacadh thar ceann an Aontais ag an 116ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, de bhun Airteagal 10(6) den Chomhaontú. Ba cheart an nós imeachta maidir le glacadh trí chomhfhreagras a mhalartú a thionscnamh roimh an gcéad seisiún rialta eile de Chomhairle na gComhaltaí i mí na Samhna 2022,

([1]) Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Comhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.05.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg le linn an 116ú seisiún a reáchtálfar idir an 28 Samhain agus an 2 Nollaig 2022, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú a thionscnófar roimh an gcéad seisiún rialta eile a reáchtálfar i mí na Samhna 2022, tacú leis an gcatagóir "gnáthola olóige íon" a bhaint d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird amhail ón 1 Eanáir 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. BLAŽEK